

Scéim Teanga Chomhairle Contae na Mí 2021-2024

**Ullmhaithe faoi Alt 11 agus athbhreithnithe faoi Alt 15 d'Acht na
dTeangacha Oifigiúla 2003**

Aibreán 2021

Clár Ábhair

	Page
Caibidil 1 – Réamhrá agus Cúlra	3
1.1 Réamhrá	
1.2 Ionchur sa scéim	
1.3 Dáta Tosaithe na Scéime	
1.4 Forbhreathnú ar Chomhairle Contae na Mí	
1.5 Custaiméirí agus Cliaint	
1.6 Ábhar na Scéime	
1.7 Méid na Seirbhísí a Sholáthraítear trí Ghaeilge faoi láthair	
Caibidil 2 – Achoimre ar Sheirbhísí agus ar Áiseanna na Comhairle – Úsáid na Teanga	6
2.1 Réamhrá	
2.2 Forléargas ar Ranna agus Rannóga – Seirbhísí trína ndéantar gnó le Custaiméirí go díreach	
2.3 Forléargas ar Ranna agus Rannóga – Seirbhísí Tacaíochta	
2.4 Oifigí agus Áiseanna na Comhairle	
2.5 Teanga Feidhme gach Ranna/Rannóga	
Caibidil 3 – Seirbhísí na Comhairle – Gealltanais maidir leis an Dátheangachas	10
3.1 Polasaí Ginearálta	
3.2 Cumarsáid leis an bPobal – Cumarsáid Labhartha	
3.3 Cumarsáid leis an bPobal – Cumarsáid Scríofa	
3.4 Oifigeach Gaeilge Ainmnithe	
3.5 Earcaíocht & Roghnú Foirne agus Foghlaim & Forbairt	
3.6 Cruinnithe agus Imeachtaí na Comhairle	
3.7 Clár Forbartha Leabharlann	
3.8 Ag obair leis an nGaeltacht	
3.9 Tacú le Gaelscoileanna agus le hEagraíochtaí Gaeilge	
Caibidil 4 - Faireachán, Athbhreithniú agus Poiblíocht ar an Scéim atá Comhaontaithe	16
4.1 Faireachán agus Athbhreithniú	
4.2 Poiblíocht ar an Scéim	

Caibidil 1

Réamhrá agus Cúlra

1.1 Réamhrá

Ta athbhreithniú déanta ag Comhairle Contae na Mí ar a scéim faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Déantar foráil in alt 11 den acht sin go bhfuil sé de dhualgas ar chomhlachtaí poiblí scéim reachtúil a ullmhú ina sonraítear na seirbhísí a chuirfidh siad ar fáil:

- Trí mheán na Gaeilge
- Trí mheán an Bhéarla, agus
- Trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla araon

Is í bunaidhm Chomhairle Contae na Mí don scéim athbhreithnithe seo ná atmaisféar den dátheangachas a chruthú agus a chur chun cinn laistigh dena rannóga/ranna go léir. Spreagfar custaiméirí a bhfuil Gaeilge acu chun go ndéanfaidh siad a ngnó trí Ghaeilge agus tá sé i gceist go mbeidh custaiméirí agus an fhoireann araon ar a gcompord agus iad ag déanamh gnó oifigiúil trí mheán na Gaeilge.

1.2 Ionchur sa scéim

Tá sé foráilte in alt 12 den Acht go n-ullmhófar treoirlínte chun cuidiú le comhlachtaí poiblí agus iad ag ullmhú scéimeanna. D'fhoilsigh an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta na treoirlínte seo i Meán Fómhair 2004 agus ullmhaíodh an scéim i gcomhréir leo.

Agus athbhreithniú á dhéanamh ar an Scéim seo, reáchtáil Comhairle Contae na Mí na rudaí a leanas:

- (i) Próiseas comhairliúcháin poiblí chun aighneachtaí a lorg ón bpobal ar athbhreithniú na dréachtscéime (a reáchtáladh ó Lúnasa 25 go dtí Meán Fómhair 30, 2020)
- (ii) Iniúchadh inmheánach ar na seirbhísí a sholáthraítear/a d'fhéadfaí a sholáthar trí Ghaeilge.

San iomlán fuair Comhairle Contae na Mí 5 aighneacht as an bpróiseas comhairliúcháin agus bunaíodh athbhreithniú na scéime ar na haighneachtaí seo. D'ullmhaigh Coiste Stiúrtha inmheánaigh, ar a raibh Oifigeach Gaeilge na Comhairle agus ionadaithe ón ardbhainistíocht, an scéim athbhreithnithe.

Úsáideadh 'An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030' mar bhonn don Scéim.

1.3 Dáta Tosaithe na Scéime

Tosóidh an scéim seo tar éis í a bheith deimhnithe ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Tiocfaidh sí i bhfeidhm ar 01 Bealtaine 2021 agus beidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimshe trí bliana nó go dtí go mbeidh scéim nua deimhnithe ag an Aire (de bhun Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla), cibé acu is déanaí.

1.4 Forbhreathnú ar Chomhairle Contae na Mí

Tá Comhairle Contae na Mí freagrach as Contae na Mí a riar agus is í an aidhm atá leagtha síos di ná dul chun cinn eacnamaíoch, sóisialta, cultúrtha agus comhshaoil an Chontae a chur chun cinn, chun go gcuirfí feabhas ar chaighdeán na beatha do mhuintear na Mí.

Seo í fíis na Comhairle, mar atá leagtha amach sa Phlean Corporáideach 2019-2024: *“Go mbeidh an Mhí ar an gcontae tosaigh maidir leis an rath eacnamaíochta, leis an bhforbairt shóisialta agus le cosaint an chomhshaoil, a bheidh éifeachtúil maidir le luach ar airgead, agus a dhéanfaidh ionadaíocht do dhaoine agus do phobail Chontae na Mí ar bhealach atá éifeachtach agus cuntasach.”*

Rangaítear feidhmeanna na Comhairle in ocht ngrúpa de chláir mar seo a leanas:

- Tithíocht agus Tógáil
- Iompar ar Bhóthar agus Sábháilteacht
- Soláthar Uisce agus Séarachas
- Dreasachtaí Forbartha agus Rialú
- Cosaint don Chomhshaoil
- Fóillíocht agus Áiseanna
- Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Folláine
- Cúrsaí Ginearálta agus Ilghnéitheacha

I bPlean Corporáideach na Comhairle 2019-2024, leagtar amach cuspóirí agus straitéisí an údaráis, agus tá ár ngníomhartha agus ár n-oibríochtaí faoi threoir na gcroíluachanna a leanas:

- Fócas láidir ar an gcustaiméir, ar an saoránach agus ar an bpobal
- Caighdeán arda maidir le hiompar, le hionracas agus le neamhchlaontacht
- Cuntasach, Inrochtana agus Freagrúil
- Nuálach agus beim ar an Inbhuanaitheacht
- Macántacht agus meas a léiriú ar chách

1.5 Custaiméirí agus Cliaint

Bhí daonra taifeadta 195,044 sa Mhí (Daonáireamh 2016), méadú 19.8% i 10 mbliana ó 2006. Is as tíortha eile a thagann 10.1% de dhaonra an chontae. Is sa chontae atá an tríú daonra is óige sa stát, agus is é 35.2 bliain an mheánaois (is é 37.4 an mheánaois náisiúnta).

Tá an Mhí roinnte sna sé Ceantar Bardasach a leanas: Cill Dhéagláin, Ceanannas, An Uaimh, An Inse-Baile an Bhiataigh, Ráth Tó agus Baile Átha Troim.

Is obair fhairsing agus éagsúil atá ar bun ag an gComhairle agus ciallaíonn sé sin go ndéanann sí cumarsáid le mórán spriocphobal. Aithníodh na grúpaí spriocphobail a leanas:

Spriocphobal	Cé hiad féin:
Saoránaigh na Mí	Beagnach 200,000 duine i 68,500 líon tí sa chontae.
Comhairleoirí	40 ball tofa de Chomhairle Contae na Mí.
Íocóirí Rátaí	Os cionn 4,400 gnólacht a íocann rátaí sa chontae.
Comhaltaí den Oireachtas	Na Teachtaí Dála agus na Seanadóirí ata bunaithe sa Mhí, chomh maith leis an gceathrar Feisire de Pharlaimint na hEorpa (Lár Tíre – an Iarthuaiscirt). Comhaltaí ábhartha eile den Oireachtas.
Rialtas	Struchtúirí éagsúla an rialtais náisiúnta, lena n-áirítear an Chomhairle Aireacht, na Ranna agus na státseirbhísigh.
Gníomhaireachtaí	Na gníomhaireachtaí náisiúnta a bhfuil tionchar ag a ról agus ag a ngíomhaíochtaí ar an Mí agus ar Chomhairle Contae na Mí.
Fostaithe	830 ball foirne atá fostaithe ag Comhairle Contae na Mí.
Fostaithe Ionchasa	Na daoine a bheidh ag obair do Chomhairle Contae na Mí amach anseo.
Infheisteoirí	Infheisteoirí Díreacha Eachtracha chomh maith le hInfheisteoirí Éireannacha a bhfuil infheistíocht déanta acu cheana féin sa Mhí nó a bhfuil sé i gceist acu infheistíocht a dhéanamh sa chontae.
Cuairteoirí	Cuairteoirí ón iasacht chomh maith le cuairteoirí Éireannacha sa chontae.
Na Meáin	Na meáin áitiúla chomh maith leis na meáin náisiúnta agus idirnáisiúnta.
An Earnáil Phobail agus Deonach	Grúpaí pobail agus cónaithe; baill PPN agus grúpaí deonacha eile atá ag obair laistigh den Mhí

1.6 Ábhar na Scéime

Cuireann an scéim seo leis an méid a baineadh amach tríd an gcéad scéim, agus forbraíodh í chun an dul chun cinn sin a neartú. Sa scéim athbreithnithe seo, aithnítear seirbhísí de chuid na Comhairle a bhfuil sé i gceist feabhas a chur orthu.

Cuireann Comhairle Contae na Mí de cheangal uirthi féin measúnú leanúnach a dhéanamh ar leibhéal an éilimh atá ann ar sheirbhísí trí Ghaeilge agus déanfaidh sí gach iarracht freastal ar an éileamh seo ar bhonn incriminteach.

1.7 Méid na Seirbhísí a chuirfear ar fáil trí Ghaeilge faoi láthair

Is é bunchuspóir an Achta ná cinnte a dhéanamh de go mbeidh fáil níos fearr, ar chaighdeán níos airde, ar sheirbhísí poiblí trí Ghaeilge.

I dtaca leis seo, i lathair na huaire, tá seirbhísí an-teoranta á soláthar ag Comhairle Contae

na Mí atá dátheangach nó trí mheán na Gaeilge. Tuigeann an Chomairle go bhfuil gá le modh aitheanta a thabhairt isteach a fheabhsóidh, de réir a chéile, leibhéal agus caighdeán na seirbhísí atá le cur ar fáil trí Ghaeilge, agus tríd a Cairt Custaiméirí, geallann sí: *“go bhfreastalóimid ar na custaiméirí ar mian leo a gcuid gnó a dhéanamh linn trí mheán na Gaeilge”*.

Caibidil 2

Achoimre ar Sheirbhísí agus ar Áiseanna na Comhairle – Úsáid na Teanga

2.1 Réamhrá

Sa Chaibidil seo leagtar amach an staid maidir leis na seirbhísí/gníomhaíochtaí atá á soláthar ag Ranna aonair i gComhairle Contae na Mí. Déantar liosta sa chéad chuid den chaibidil de na Rannóga/rannáin seirbhíse éagsúla, agus déantar cur síos ar an bhfeidhm atá acu. Sa dara cuid tá achoimre ar oifigí agus ar áiseanna na Comhairle. Agus sa tríú cuid leagtar amach conas a fheidhmíonn an teanga oifigiúil i ngach Rannóg.

2.2 Achoimre ar Rannóga agus ar Rannáin – Seirbhísí ina ndéileáiltear go díreach le Custaiméirí

Seo thíos na rannóga a sheachadaíonn seirbhísí do chustaiméirí ar bhealach díreach:

Tithíocht	Forbairt Phobail
Iompar	An Comhshaol
Seirbhísí Uisce	Seirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála
Pleanáil	Seirbhísí Leabharlainne
Forbairt Eacnamaíoch agus Turasóireacht	Oifig Ealaíon

Tithíocht – Is é sainchúram na Ranna Tithíochta ná tacaíochtaí tithíochta sóisialta a sholáthar dóibh siúd nach bhfuil ar a n-acmhainn cóiríocht a sholáthar as a n-acmhainní féin, Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean a sholáthar, agus seirbhísí eile, lena n-áirítear deontais oiriúnaithe a riar, iniúchadh a dhéanamh ar chóiríocht phríobhaideach, Cóiríocht do Thaistealaithe a sholáthar agus comhoibriú le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta.

Iompar – Tá an Rannóg iompair freagrach as na rudaí a leanas a sholáthar, a chothabháil agus a fheabhsú: bóithre réigiúnacha agus aitiúla; páirceanna agus clóis shúgartha; spásanna oscailte poiblí; droichid a fheabhsú; scéimeanna iompair inbhuanaithe; scéimeanna um shábháilteacht ar bhóithre; páirceáil; agus soilsiú poiblí.

Seirbhísí Uisce – Cuireann an Rannóg Seirbhísí Uisce an Comhaontú Seirbhíse (SLA) i bhfeidhm ata ann le hUisce Éireann. Mar ghníomaire d’Uisce Éireann, oibríonn sé chun soláthar agus dáileadh uisce óil ar ardchaighdeán a chosaint, agus chun córais dhiúscairtha fuíolluisce a bhainistiú sa chontae.

Pleanáil – Tacaíonn an Rannóg Pleanála le forbairt inbhuanaithe a dhéanamh ar an gcontae trí Phlean Forbartha Chontae na Mí agus tríd an bpróiseas bainistíochta forbartha. Déanann an Rannóg bainistíocht freisin ar fheidhmeanna na Comhairle a bhaineann le hiarratais

phleanála, le forfheidhmiú pleanála agus le rialú tógála.

Forbairt Eacnamaíoch agus Turasóireacht – Trí oibriú i gcomhpháirtíocht le gnólachtaí áitiúla, cuireann an Rannóg um Forbairt Eacnamaíoch agus Turasóireacht na rudaí a leanas chun cinn - fostaíocht áitiúil, fiontar áitiúil agus fás bunaithe ar easpórtálacha. Tacaíonn an Rannóg freisin leis an turasóireacht a fhorbairt agus leis an gcontae a chur chun cinn maidir le hinfheistíocht. Is ann atá an Oifig Fiontair Áitiúil.

Forbairt Pobail – Soláthraíonn an Rannóg Pobail réimse seirbhísí a bhaineann le forbairt pobail, le háiseanna pobail agus le leathanbhanda, agus tacaíonn sé le réimse clár a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear an Plean Áitiúil Pobail agus Forbartha. Déanann an Rannóg bainistíocht ar roinnt scéimeanna cistithe agus is ann atá an rúnaíocht don Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN).

An Comhshaol – Forfheidhmíonn an Rannóg Comhshaoil reachtaíocht a bhaineann leis an gcomhshaol chomh maith le dul i ngleic le láithreáin thréigthe, bearta chun an baol ó thuilte a mhaolú, ionaid athchúrsála agus láithreáin líonadh talún, agus clár feasachta comhshaoil a chur i bhfeidhm. Ina theannta sin, comhordaíonn an Rannóg gníomhartha na Comhairle a bhaineann leis an athrú aeráide.

Seirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála – Soláthraíonn an tSeirbhís Dóiteáin agus Tarrthála réimse feidhmeanna, lena n-áirítear an fhreagairt oibríochtúil ar tine a chosc; seirbhísí comhraic lámhaigh agus tarrthála; sábháilteacht dóiteáin pobail; cosc dóiteáin teicniúil; agus pleanáil do mhóréigeandálaí agus réamhphleanáil do theagmhais. Lena chois sin, óstálann an Chomhairle Cosaint Shibhialta na Mí.

Seirbhís Leabharlainne - Soláthraíonn Seirbhís Leabharlainne na Mí líonra de bhraintí ar fud an chontae, rannóg staidéar áitiúil agus seirbhís scoile. Chomh maith le clár leanúnach chun an rochtain a fheabhsú, soláthraíonn an tseirbhís clár leathan d'imeachtaí cultúrtha agus litearthachta mar aon le féilte gach bliain.

An Oifig Ealaíon – Seachadaíonn an Oifig Ealaíon réimse clár, deiseanna cistithe, tionscnamh agus imeachtaí dírithe ar thacaíocht a thabhairt do na healaíona agus don earnáil chruthaitheach sa chontae chomh maith leis an rannpháirteachas a spreagadh agus é a mhéadú.

2.3 Achoimre ar Rannóga agus Rannáin – Seirbhísí Tacaíochta

Tá roinnt seirbhísí tacaíochta freisin ag an gComhairle, lena n-áirítear:

Seirbhísí Corparáideacha	Acmhainní Daonna
Airgeadas	Córais Fhaisnéise

Ina theanna sin, óstálann Comhairle Contae na Mí an tseirbhís náisiúnta chomhroinnte Aoisbhá don earnáil rialtais áitiúil.

Seirbhísí Corparáideacha – Éascaíonn an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha obair na gcomhaltaí tofa ar an gComhairle. Déanann sé maoirseacht ar phróisis rialachais éagsúla agus cinntíonn sé go bhfuil comhlíonadh ann maidir le riachtanais reachtaíochta éagsúla ar nós cosaint sonraí. Áirítear sa rannóg, seirbhísí do chustaiméirí, an chumarsáid agus seirbhísí meán; déanann sé bainistíocht ar áiseanna na Comhairle agus cuireann sé cultúr láidir chun cinn i dtaca le sláinte agus sábháilteacht.

Airgeadas – Sa rannán Airgeadais áirítear an soláthar, próiseáil íocaíochta, bailiúchán ioncaim, baincéireacht, iasachtaí tithíochta, riarachán árachais, buiséadú agus tuairisciú airgeadais. Déanann an Rannóg bainistíocht agus monatóireacht ar ioncam agus ar chaiteachas na Comhairle. Tá an fheidhm Mótarchánach lonnaithe laistigh den Rannóg Airgeadais.

Acmhainní Daonna – Sainaithníonn an Rannóg Acmhainní Daonna na riachtanais a bhaineann le soláthar foirne agus cuirtear an bhéim ar bhaill foirne a earcú, a roghnú agus a choimeád. Cuireann an rannóg an clár foghlama agus forbartha i bhfeidhm freisin chun go mbeidh ar chumas na foirne a scileanna agus a leibhéal eolais a fheabhsú, agus chun cur lena bhforbairt ghairmiúil agus lena bhfolláine phearsanta.

Córais Fhaisnéise – Cuireann an Rannóg Córas Faisnéise réimse leathan de sheirbhísí tacaíochta TF ar fáil ar fud na heagraíochta.

Seirbhís Chomhroinnte Aoisbhá – Is seirbhís chomhroinnte í Aoisbhá Éireann de chuid an rialtais áitiúil atá á óstáil ag Comhairle Contae na Mí thar ceann na hearnála. Tacaíonn sí le, agus soláthraíonn sí, treoir theicniúil do na 31 clár Aoisbhá atá faoi threoir na údarás áitiúil go náisiúnta.

2.7 Oifigí agus Áiseanna na Comhairle

Is as ceanncheathrú Chomhairle Contae na Mí i dTeach Buvinda, an Uaimh, a sholáthraítear formhór na seirbhísí. Tá Oifigí Cathartha ag an gComhairle freisin i gCill Dhéagláin; i nDamhliag; i nDún Seachlainn; i gCeanannas; agus i mBaile Átha Troim.

Is é cuspóir na nOifigí Cathartha ná seirbhísí custaiméirí ardchaighdeáin a sholáthar inar féidir leis an bpobal a ghnó a dhéanamh leis an gComhairle ag cuntas poiblí. Is í an Fhoireann um Sheirbhísí do Chustaiméirí an chéad phointe teagmhála d'fhormhór chustaiméirí na Comhairle mar is iad a oibríonn na cuntair phoiblí sa Cheanncheathrú agus sna hOifigí Cathartha mar aon leis an ionad teagmhála – lárghríasán teileafóin.

Tá cuntair don phobail ann freisin sna Rannóga Airgeadais agus Tithíochta i dTeach Buvinda le haghaidh bearta airgid; coinní mótarchánach agus tithíochta.

Lena chois sin, tá gréasán leabharlainne de 12 brainse ag an gComhairle atá lonnaithe: san Uaimh, i gCill Dhéagláin, i mBaile Átha Buí; i nDamhliag; i nDún Búinne; i nDún Seachlainn; i gCeanannas; Ins An Obair; An Seanchaisleán; Ráth Chairn; agus Baile Shláine. Tá áiseanna ar nós ionaid athchúrsála agus áiseanna pobail eile ag an gComhairle freisin.

2.8 Teanga Oibriúcháin na Rannóg/Rannán

Aithníonn Comhairle Contae na Mí go bhfuil leibhéal inniúlachta measartha íseal i measc na mball foirne. Cé go bhfuil eisceachtaí suntasacha ann, tugann an Chomhairle gealltanas go rachaidh sí i ngleic leis an easnamh seo thar saolré na scéime seo. Sa chéad chabidil eile leagtar amach na gníomhartha chun dul i ngleic leis seo.

Mar sin féin, tríd na struchtúirí atá cruthaithe ag an gComhairle, tá sé ar chumas chustaiméirí a ghnó a dhéanamh trí Ghaeilge leis an gComhairle i ngach Rannóg/rannán. Bainfear é seo amach tríd an Oifigeach Gaeilge a chur san áireamh, le comhoibriú ón bhFoireann um Sheirbhísí do Chustaiméirí, mar phointe teagmhála túslíne do chustaiméirí ar mian leo an Ghaeilge a úsáid.

É sin ráite, is féidir le roinnt de Rannóga/rannáin na Comhairle seirbhís dhátheangach chuimsitheach nó seirbhís dhátheangach teoranta a thairiscint go díreach, mar atá leagtha amach thíos. Is tríd an Oifigeach Gaeilge a chuireann gach seirbhís eile a seirbhís dhátheangach ar fáil.

3.5.1 Seirbhís Dhátheangach Chuimsitheach

Faoi láthair, is féidir le Comhairle Contae na Mí seirbhís dhátheangach chuimsitheach a sholáthar i roinnt dá brainsí leabharlainne agus tríd an Oifigeach Gaeilge ainmnithe.

	Rannán/Rannóg	Nóta
Seirbhís Dhátheangach Chuimsitheach	Seirbhís Leabharlainne	I 5 bhainse; CC na Leabharlainne san Uaimh; Cill Dhéagláin; Ráth Chairn; Baile Átha Troim agus Baile Shláine.
	Seirbhísí Corporáideacha	Oifigeach Gaeilge – an chéad phointe teagmhála ainmnithe d’fhiosrúcháin agus do riachtanais seirbhíse a bhaineann leis an nGaeilge.

3.5.2 Seirbhís Dhátheangach Teoranta

I roinnt Rannóga tá líon teoranta den fhoireann a bhfuil ar a gcumas seirbhís dhátheangach a sholáthar go díreach do chustaiméirí.

	Rannán/Rannóg	Nóta
Seirbhís Dhátheangach Teoranta	Seirbhís Chorporáideach	Seirbhísí Custaiméara i dTeach Buvinda; Baile Átha Troim agus Cill Dhéagláin
	Comhshaol	Fiosrúcháin Ghinearálta
	Airgeadas	Roinnt feidhmeanna Mótarchánacha

Maidir le seirbhís iomlán trí Ghaeilge a sholáthar sna Rannóga seo, braitheann sé ar bhail foirne áirithe a bheith ar fáil agus ní féidir é seo a dheimhniú.

Caibidil 3

Seirbhísí na Comhairle – Gealltanais Dhátheangacha agus Feabhsú

3.2 Polasaí Ginearálta

Tá Comhairle Contae na Mí tiomanta atmaisféar an dátheangachais a chothú laistigh dena rannáin/rannóga go léir agus go mbeidh líon foirne leordhóthanach ann a bhfuil inniúlacht acu sa Ghaeilge chun seirbhís trí Ghaeilge a sholáthar. I bhfianaise an leibhéil ísil d'inniúlacht sa Ghaeilge atá ann i láthair na huaire laistigh den Chomhairle, beidh roinnt ama i gceist chun an sprioc seo a fhíorú.

Tá Oifigeach Gaeilge ainmnithe mar aon le Foireann um Sheirbhís do Chustaiméirí tiomnaithe ag Comhairle Contae na Mí, agus is iad sin na chéad phointí teagmhála do chustaiméirí ar mian leo a ngnó a dhéanamh trí Ghaeilge. Faoi láthair, freagraítear i nGaeilge ar gach píosa comhfhreagrais scríofa a fhaightear i nGaeilge.

Cuireann na gealltanais atá leagtha amach sa chaibidil seo leis an gcéad scéim teanga agus leis an dul chun cinn atá déanta ag an gComhairle san am sin. Cuirfidh na gealltanais feabhas ar sheirbhísí agus tacóidh said leis na struchtúirí seanbhunaithe atá ann chun seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar do chustaiméirí, seirbhísí trí Ghaeilge san áireamh, agus spreagfaidh siad daoine chun go mbainfidh siad níos mó úsaide as an nGaeilge laistigh den Chomhairle i gcoitinne.

3.2 Cumarsáid leis an bPobal – Cumarsáid Labhartha

Sa Phlean Seirbhíse do Chustaiméirí de chuid Chomhairle Contae na Mí, leagtar amach an príomhchur chuige maidir le seirbhísí do chustaiméirí agus leis na caighdeáin ar féidir leo a bheith ag súil leo agus iad i mbun a ngnó leis an gComhairle.

3.2.1 Seirbhísí do Chustaiméirí – Cuntair Phoiblí

Cuireann Comhairle Contae na Mí prionsabail Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí (QCS) i bhfeidhm agus í ag déileáil le custaiméirí. Thar saolré na scéime seo, áireofar leis seo:

- Ainm an Údaráis Áitiúil a thabhairt as Gaeilge agus as Béarla
- Cleachtadh a bheith ag an bhfoireann ar bheannachtaí bunúsacha i nGaeilge.

Tá socruithe i bhfeidhm ionas gur féidir le ball foirne custaiméir a chur i dteagmháil leis an Oifigeach Gaeilge nó leis an oifigeach atá freagrach as an tseirbhís a sholáthar trí Ghaeilge, más ann di.

Ag gach ceann de na bunphointí teagmhála seo, beidh liosta ag an bhfoireann túsline de bhaill foirne sa rannán ábhartha ar féidir leo seirbhís níos cuimsithí a sholáthar trí Ghaeilge.

Beidh fógraí le feiceáil ag na cuntair phoiblí i ngach rannán ina dtabharfar cuireadh don phobal an Ghaeilge a úsáid.

Gealltanais sa mhír seo – thar saolré na scéime.

3.3 Cumarsáid leis an bPobal – Cumarsáid Scríofa

Is i mBéarla a bhíonn an chumarsáid leis an bpobal go príomha, ach más féidir, bíonn an chumarsáid i nGaeilge agus i mBéarla. Áirítear i measc phríomhmhodhanna cumarsáide na Comhairle:

- ◆ Foilseacháin
- ◆ An Suíomh Gréasáin
- ◆ Na Meáin Shóisialta
- ◆ Preasráitis agus Ráitis Nuachta
- ◆ Foirmeacha Iarratais agus Bróisiúir
- ◆ Comharthaíocht

3.3.1 Straitéis Cumarsáide na Comhairle

Déanfaidh an Chomhairle athbhreithniú ar a Straitéis Cumarsáide agus beidh sé mar aidhm an pobal Gaeltachta a aithint mar spriocphobal faoi leith sa straitéis, úsáid na Gaeilge a mhéadú ar a cuntais mheán sóisialta agus seirbhís dhátheangach a sholáthar i ngníomhartha tosaíochta cumarsáide eile, más féidir.

3.3.2 Foilseacháin – Forálacha Ginearálta

Maidir le doiciméid de chuid na Comhairle atá dírithe ar spriocphobal lasmuigh den stát agus doiciméid atá don úsáid inmheánach amháin, go ginearálta, cuirfear iad seo ar fáil i mBéarla amháin.

Maidir le haon foilseachán eile nach bhfuil liostaithe agus nach ndéantar tagairt dó in aon mhír eile, déanfar iad a mheas cás ar chás, ag tabhairt aird mar is cuí ar leas an phobail.

3.3.3 Caidreamh leis na Meáin agus Preasráitis

Beidh preasráitis a bhaineann leis an nGaeltacht dátheangach agus scaipfear iad ar na meáin Ghaeilge agus Bhéarla go comhuaineach.

Beidh 10% de na Ráitis Nuachta a bhaineann leis an nGaeltacht dátheangach, agus scaipfear iad ar na meáin Ghaeilge agus Bhéarla go comhuaineach.

Beidh 20% de na Preasráitis ina iomláine dátheangach, agus scaipfear go comhuaineach

iad.

Tugann Comhairle Contae na Mí gealltanas go gcuirfidh sí urlabhraí ar fáil chun labhairt leis na meáin Ghaeilge ar chúrsaí a bhaineann leis an nGaeltacht, má theastaíonn sin, agus má thugtar réamhfhógra réasúnta, e.g. 24 uair ar a laghad.

3.3.4 Bróisiúir, Bileoga Eolais agus Foirmeacha Iarratais

Beidh 10% de na Bileoga Eolais agus de na Foirmeacha Iarratais nua a eiseoidh an Chomhairle go hiomlán dátheangach.

Faoi dheireadh na scéime seo, cuirfidh na húdaráis áitiúla 50% de na bróisiúir agus de na bileoga eolais nua atá le heisiúint ar fáil go dátheangach.

Eolas eile atá ann faoi láthair: cuirfear doiciméid a dhéantar don phobal i gcoitinne, ar nós foirmeacha iarratais, ar fáil go dátheangach.

3.3.5 Suíomh Gréasáin na Comhairle agus Cuntais Mheán Sóisialta

Beidh 30% de na doiciméid ar an suíomh gréasáin (seachas doiciméid theicniúla) dátheangach laistigh den chéad bhliain den scéim, agus beidh 30% ar a laghad dátheangach le linn saolré na scéime.

Déanfaidh Comhairle Contae na Mí forálacha chun go mbeidh a seirbhísí ríomhaire reatha agus aon seirbhís idirghníomhach nua nó reatha, ar fáil trí Ghaeilge, má tá sé sin indéanta. Go háirithe, déanfar iniúchadh ar an ábhar dátheangach atá sa tairseach comhairliúcháin tiomnaithe a mhéadú – consult.meath.ie.

Cuirfidh Comhairle Contae na Mí tús le Gaeilge a úsáid ar a gcuntais mheán sóisialta chun eolas ábhartha a sholáthar agus chun rannpháirteachas a spreagadh lena leantóirí, más cuí. Leanfaidh Comhairle Contae na Mí uirthi ag plé deiseanna maidir le conas is féidir lena polasaithe cumarsáide leictreonacha úsáid níos leithne den Ghaeilge a éascú.

Gealltanas sa mhír seo – thar saolré na scéime.
--

3.4 Oifigeach Gaeilge Ainmnithe

Gníomhaíonn an tOifigeach Gaeilge ainmnithe de chuid Chomhairle Contae na Mí mar chéad phointe teagmhála chun tacú le seirbhís dhátheangach feabhsaithe a chur a fáil. Bunaíodh an post seo sa bhliain 2020.

Tá cuntas ríomhphoist tiomnaithe cruthaithe ag an gComhairle i gcomhair fiosrúchán a

bhaineann leis an nGaeilge agus má theastaíonn ó chustaiméirí a ngnó a dhéanamh as Gaeilge: gaeilge@meathcoco.ie Is é ár nOifigeach Gaeilge a dhéanann bainistíocht ar fhiosrúcháin a thagann isteach chuig an seoladh ríomhphoist tiomnaithe seo agus is é/í a dhéileálann leo de réir Chairt Custaiméirí na Comhairle, atá le fáil as Gaeilge freisin ar shuíomh gréasáin na Comhairle.

Beidh eolas faoi ról an Oifigh Ghaeilge ar shuíomh gréasáin na Comhairle agus cuirfear chun cinn é, mar aon le tiomantas na Comhairle maidir le seirbhís dhátheangach a sholáthar do chustaiméirí, agus beidh an tOifigeach seo ann mar chéad phointe teagmhála.

Déanfaidh an tOifigeach Gaeilge bainistíocht ar liosta de bhaill foirne ar fud na heagraíochta atá ar fáil chun seirbhísí a sholáthar as Gaeilge, agus déanfaidh sé/sí liosta de na seirbhísí atá ar fáil go dátheangach a nuashonrú. Tríd an bpolasaí seo, tá sé i gceist go dtiocfaidh méadú ar éileamh ar sheirbhísí trí Ghaeilge, éileamh atá íseal faoi láthair.

Gealltanais sa mhír seo – thar saolré na scéime.

3.5 Earcaíocht & Roghnú Foirne agus Foghlaim & Forbairt

3.5.1 Earcaíocht agus Roghnú Foirne

Is é an Rannóg Acmhainní Daonna a rachaidh i ngleic le saincheist na Gaeilge i dtaca le hearcaíocht, le forbairt agus le bainistiú foirne.

Tabharfar pacáiste ionduchtúcháin do bhaill foirne nua ina mbeidh cóip den scéim atá comhaontaithe againn chun a chinntiú go bhfuil siad ar an eolas maidir lenár ngealltanais faoin reachtaíocht.

Má mheastar go bhfuil scileanna cumarsáide dátheangacha i nGaeilge agus i mBéarla riachtanach nó inmhianaithe do phost ar bith, beidh cur síos air seo i sonraí an phoist.

I gcomhthéacs ár bpolasaithe earcaíochta, roghnúcháin agus gluaiseachta, breathnófar go báúil ar inniúlacht sa Ghaeilge má éascaíonn an inniúlacht sin gealltanais faoi leith a bhaint amach atá déanta sa scéim.

3.5.2 Foghlaim agus Forbairt

Tá Comhairle Contae na Mí tiomanta deiseanna a chur ar fáil do bhaill foirne chun go bhfreastalóidh siad ar chúrsaí oiliúna sa Ghaeilge más ann do na hacmhainní. Cuirfear an fhoireann ar an eolas maidir le háiseanna/deiseanna chun feabhas a chur ar a cumas sa Ghaeilge.

Leanfar le deiseanna a chur ar fáil don fhoireann chun go mbeidh ar a gcumas a inniúlacht

sa Ghaeilge a fhorbairt agus cuirfear oiliúnt sa Ghaeilge ar fáil:

- Chun tacú leis an bhfoireann a scileanna teanga Gaeilge a choimeád suas agus a fhorbairt;
- Cur le cumas na foirne freastal ar obligeagáidí a bhaineann leis an nGaeilge.

Gealltanais sa mhír seo – thar saolré na scéime.

3.6 Cruinnithe agus Imeachtaí Comhairle

3.6.1 Cruinnithe Comhairle

Déanfar iarracht méid áirithe dátheangachais a sholáthar le linn gach cruinniú Comhairle.

Más mian le haon duine ó cheantar Gaeltachta labhairt as Gaeilge mar chuid de thoscaireacht i gcruinniú de chuid Cheantar Bardasach Cheanannais ar chúrsaí a bhaineann leis an nGaeltacht, tabharfar an deis sin dóibh, faoi réir réamhfhógra, agus de réir Buan-Orduithe na Comhairle agus an Prótacal atá aici maidir le Toscaireachtaí ag Cruinnithe Ceantair Bardasacha.

3.6.2 Imeachtaí Corporáideacha

Déanfar iarracht méid áirithe dátheangachais a sholáthar le linn imeachtaí Mhórchuinnithe Poiblí.

Mar chuid d'iarrachtaí na Comhairle an Ghaeilge a chur chun cinn ar bhealach dearfach i measc an phobail, déanfar méid áirithe dátheangachais a ionchorprú le linn imeachtaí corporáideacha a bhfuil ardphróifíl acu.

Leanfaidh Comhairle Contae na Mí le feabhas a chur ar a clár bliantúil d'imeachtaí agus de ghníomhaíochtaí mar chuid de Sheachtain na Gaeilge, ina mbeidh meascán d'imeachtaí poiblí agus de ghníomhaíochtaí inmheánacha chun an Ghaeilge a chur chun cinn i measc ball foirne.

Gealltanais sa mhír seo – thar saolré na scéime.

3.7 Clár Forbartha na Leabharlann

Tá Comhairle Contae na Mí tiomanta oidhreacht litearthachta na Gaeltachta agus oidhreacht chultúrtha an chontae a chosaint agus a chaomhnú. Osclaíodh brainse leabharlainne i gcroílár Ráth Chairn (ó 2007) agus is léiriú é sin ar thiomantas an údaráis áitiúil seirbhísí leabharlainne trí Ghaeilge a sholáthar do phobal na Gaeltachta.

Soláthraíonn an clár leabharlainne bliantúil réimse leathan d'imeachtaí agus de ghníomhaíochtaí trí Ghaeilge thar gréasáin na mbrainsí, ó chlubanna leabhar, comhráite ciorcail go dtí imeachtaí litearthachta trí mheán na Gaeilge. Nedaítear imeachtaí trí

Ghaeilge sna cláir leabharlainne bliantúla freisin, mar shampla: Féile Leabhar na Leanaí; Bealtaine; agus an Clár Samhraidh.

Is í an tseirbhís leabharlainne a sholáthraíonn an scéim scoláireachta Gaeltachta agus tacaíonn sí leis an bhforbairt leanúnach atá ar bun maidir leis an gcartlann i Ráth Chairn.

Tugann an tseirbhís leabharlainne gealltanais go méadófar líon na gclár a sholáthraítear trí Ghaeilge ag na pointí seirbhíse atá ann cheana féin, agus cuirtear béim faoi leith ar líon na gciorcaí comhrá a mhéadú. De réir mar a thugtar isteach pointí seirbhíse nua, mar shampla i mBaile an Bhiataigh, cinnteoidh an tseirbhís leabharlainne go mbeidh an cláreagrú trí Ghaeilge mar chuid lárnach de na seirbhísí a sholáthraítear sna forbairtí suaitheanta seo.

Gealltanais sa mhír seo – thar saolré na scéime.

3.8 Ag Obair leis an nGaeltacht

3.8.1 An Ghaeltacht a Chosaint

Tá Comhairle Contae na Mí tiomanta ceantair Ghaeltachta a chosaint agus a fhorbairt, agus go leanfar leis an gcaidreamh seanbhunaithe atá ann le pobal Ráth Chairn agus Baile Ghib. Déanfaidh an Chomhairle a dícheall chun cinnte a dhéanamh de go mbeidh a seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge do mhuintear na Gaeltachta.

Tacóidh Comhairle Contae na Mí le forbairt a chosnaíonn agus a fhorbraíonn an oidhreacht teangeolaíochta agus chultúrtha faoi leith atá sa Ghaeltacht agus déanann sí idirchaidreamh leis an bpobal áitiúil chuige seo.

3.8.2 Ag Obair le Muintear na Gaeltachta

Beidh na Cruinnithe Poiblí a eagraíonn an Chomhairle sa Ghaeltacht i nGaeilge amháin, nó go hiomlán dátheangach.

Eolas atá dírithe ar mhuintear na Gaeltachta, cuirfear ar fáil é i nGaeilge amháin, nó i nGaeilge agus i mBéarla, más cuí.

3.8.3 Bailte Seirbhíse Gaeltachta

Déanfaidh Comhairle Contae na Mí iniúchadh ar an ról ar féidir léi a imirt chun tacú le go mbunófar an Uaimh, Baile Átha Troim agus Baile Átha Buí mar Bhailte Seirbhíse Gaeltachta sa chontae, i gcomhar leis na comhlachtaí reachtúla ábhartha, na pobail Ghaeltachta agus páirtithe leasmhara eile.

3.8.4 Logainmneacha

Bainfidh Comhairle Contae na Mí úsáid, chun críche oifigiúla, as na Logainmneacha oifigiúla atá ann do cheantair Ghaeltachta.

Úsáidfeadh na hainmneacha Gaeilge oifigiúla do cheantair Ghaeltachta i gcónaí ar chlár agus i mbunachair shonraí a bhaineann le Ráth Chairn agus le Baile Ghib.

Gealltanais sa mhír seo – thar saolré na scéime.

3.9 Tacú le Gaelscoileanna agus le hEagraíochtaí Gaeilge

Is léir do Chomhairle Contae na Mí go bhfuil naoi ngaelscoil sa chontae, agus tá meas aici ar roghanna teangeolaíochta na scoileanna lánghaeilge, agus ar eagraíochtaí agus ar ghrúpaí Gaeilge eile atá ag feidhmiú ar fud an chontae agus go náisiúnta. Leanfar le seirbhísí Gaeilge a sholáthar do na comhlachtaí agus do na grúpaí áirithe seo.

Is é an tOifigeach Gaeilge an chéad phointe teagmhála ainmnithe le haghaidh gaelscoileanna agus grúpaí nó eagraíochtaí Gaeilge eile, agus déileálfar leo i nGaeilge amháin nó go dátheangach, más praiticiúil.

Na Gealltanais sa mhír seo – thar saolré na scéime.

Caibidil 4

Faireachán, Athbhreithniú and Poiblíocht ar an Scéim Chomhaontaithe

4.1 Faireachán agus Athbhreithniú

Beidh ardbhainistíocht Chomhairle Contae na Mí freagrach as cinnte a dhéanamh de go gcuirfear an scéim i bhfeidhm, chomh maith le faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar an scéim.

Beidh an faireachán laethúil á dhéanamh ag bainisteoirí líne go príomha, (atá freagrach as an scéim a chur i bhfeidhm laistigh dá réimse féin) i ngach ceann de na réimsí seirbhíse.

Cuirfidh an tOifigeach Gaeilge treoir agus tacaíocht ar fáil chuige seo, agus soláthrófar tuarascálacha don Stiúrthóir Seirbhísí ábhartha ar bhonn rialta.

I dTuarascáil Bhliantúil na Comhairle, beidh tuarascáil ar chur i bhfeidhm fhorálacha na scéime, mar aon le sonraí faoin éileamh atá ann ar na seirbhísí a sholáthraítear.

4.2 An Scéim a Chur chun Cinn

Déanfar poiblíocht ar ábhar na scéime seo, agus ar na gealltanais agus ar na forálacha atá inti:

- ◆ Trí Phreasráitis
- ◆ Trí fhógraíocht a dhéanamh faoi na forálacha
- ◆ Gníomhaireachtaí agus comhlachtaí poiblí cuí a chur ar an eolas
- ◆ Eolas chur ar an Suíomh Gréasáin agus ar Ardáin Mheán Sóisialta

Cuirfear cóip den scéim seo ar aghaidh chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.